


BOOK 1 LESSON 10

# An Teilifís



Tá an teilifíseán sa seomra suite. Bíonn na páistí ag féachaint air gach tráthnóna. Is maith le Nóra na cartúin. Taitníonn "Tom agus Jerry" go mór léi. Is maith le Tomás na cluichí peile agus na buachaillí bó. Taitníonn na puipéid le hÍde, ach is fearr léi na hamhránaithe. Ní maith leis na páistí na fógraí. Bíonn brón orthu nuair a bhíonn na cláir thart.

#### Foclóir:

teilifíseán, television set seomra suite, sitting-room amhránaithe, singers fógraí, advertisements cláir, programmes

# A. Líon isteach na bearnaí:

seo—ra suite, féa—haint, tai—níonn, bua—haillí, cl—ir.

### B. Líon isteach na bearnaí:

- 1. Tá an t— sa seomra suite.
- 2. Is maith le Nóra na —.

- 3. Taitníonn na le hÍde.
- 4. Is léi na hamhránaithe.
- 5. Bíonn orthu nuair a bhíonn na cláir thart.

### C. Scríobh amach an freagra ceart:

- 1. Cá bhfuil an teilifíseán?
  - sa chistin.
  - sa seomra suite.
  - --- sa chlós.
- 2. Cad a thaitníonn le Tomás?
  - na cartúin.
  - na fógraí.
  - na cluichí peile agus na buachaillí bó.
- 3. Cathain a bhíonn na páistí ag féachaint ar an teilifís?
  - gach maidin.
  - gach tráthnóna.
  - gach lá.

# D. Freagair na ceisteanna:

- 1. Cad a thaitníonn go mór le Nóra?
- 2. Céard is maith le hÍde?
- 3. Cén clár is fearr leatsa?
- 4. Cathain a bhíonn brón ar na páistí?

### Gramadach 10

### (i) Líon isteach na bearnaí:

Sampla: Taitníonn "Tom agus Jerry" go mór léi.

- 1. Bím ag féachaint ar an teilifís gach tráthnóna. na cluichí peile go mór —.
- 2. Bíonn Íde ag féachaint ar an teilifís. na puipéid go mór —.
- 3. Bíonn Seán agus mé féin ag féachaint ar an teilifís. na cluichí peile go mór —.
- (ii) Is maith liom

Is fearr liom

#### Líon isteach na bearnaí:

- 1. Is maith le Seán úlla ach is leis milseáin.
- 2. Is maith linn uachtar reoite ach is linn úlla.
- 3. Is maith leat bainne ach is leat tae.
- 4. Is léi arán ach is léi cáca.